# DUILLEOG

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 24 Eanair 2013





## Scór na nÓg 2012

Bailéad Ghrúpa C.L.G. Ghaoth Dobhair

Buaiteoirí Chraobh Uladh

Comhghairdeas le Eva, Joanne, Cathal, Eimear agus Caitríona as Craobh Uladh a bhaint . Maith Sibh!

Bhí an comórtas ar siúl i Halla Scoile St. Cecilia, Cathair Dhoire ar 12 Eanáir.

Beidh Craobh na hÉireann ar ais i nDoire i mí Feabhra

## Lá Teaghlaigh sa Chrannóg



Teach Santa



Bácáil baile á dhíol ag na Scoláirí



Arís i mbliana bhí lá mór do na teaghlaigh óga sa Chrannóg ar 15 Nollaig. Lá Dhaidí na Nollag chomh maith le díol agus céannacht eile. Bhí 220 paiste i láthair. Rachaidh sochar an lae chuig Cumann Naomh Uinseann de Pól



Tá sé ag teacht!




Tá fáilte romhat a Dhaidí na Nollag.

# Mór Imeachta

## RITH 2012

| | rith.ie | korrika.org | ar-redadeg.org |
|---|---|---|---|
| Ar siúl | Éire | Tír na mBascach | An Bhriotáin |
| Teanga | Gaeilge | An Bhascais | An Bhriotáinis |
| Líon cainteoirí | 400,000 | 665,800 | 270,000 |
| Stádas oifigiúil ag an teanga | Éire<br>Tuaisceart Éireann<br>An tAontas Eorpach | Tír na mBascach<br>Navare | |
| An chéad rás | 2010 | 1980 | 2008 |
| Fad | 700km | 2000km | 1500km |




Cuireadh tús le RITH 2012 go luath ar maidin an 8 Márta ag crois-bhealach an Bhun Bhig anseo i nGaoth Dobhair. Ba é an T.D. agus Aire Stáit na Gaeltachta Donnchadh Mac Fhionnlaoich a rinne an seoladh. Dhá bhliain ó shin a tháinig RITH go hÉirinn den chéad uair mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2010.




Scoláirí Scoil Mhuire, Doire Beaga



Scoláirí Phobalscoil Ghaoth Dobhair

## Lá Fhéil Phádraig 2012



Bord na nÓg C.L.G Ghaoth Dobhair



Óige na Gaeltachta

## Loinneog Lúnasa 2013




## Loinneog 2012



Oíche Cheoil i dTábhairne Leo le linn na Féile



Ceardlann Ceoil Píobaí le Gay Mc Keown sa Chrannóg

# í na bliana 2012




Na cainteoirí Éamonn Mac Niallais-Guth na Gaeltachta, Liam Ó Cuinneagáin-Údarás na Gaeltachta, Máire Mhic Niallais-Éigse Uladh, Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D. agus Aire Stáit, an Dlíodóir Antoin Delap cainteoir, Colm Ó Baoill– an Comharchumann , Cathaoirleach ar an díospóireacht ar an Téama :Na Dúshláin atá ann don Ghaeltacht agus don Ghaeilge in am seo an ghanntanais. Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD agus Aire Stáit a rinne an oscailt oifigiúil ar an Éigse san Acadamh.



Diarmaid Ó Mórdha-Stiúrthóir Roinn na Gaeltachta, Na Doirí Beaga, Liam Ó Cuinneagáin-Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta agus an Dr Pádraig Ó Baoill, Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair



Mícheál agus Bronagh ó Theach Thomáis i mbun seastán na leabhar ag an Éigse le Máire agus Bríd Mhic Giolla Bhríde.



Uinseann Ó Breisleain, Diarmaid Ó Cnáimhsí, an tAthar Brian Ó Fearraigh, Máire Mhic Niallais agus Anna Uí Bhreisleain




Pádraig Ó Dochartaigh Comhairleoir Contae agus ball de Bhord Údarás na Gaeltachta, Réiltín Ní Chnáimhsí agus Brian Mac Giolla Chomhail—Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



Seán Ó Cléirigh, Padraig an Choip Ó Gallchóir-ball Pharlaimint na hEorpa , Seán Mac Niallais agus an tAthar Brian Ó Fearraigh - Séiplíneach Phobalscoil Ghaoth Dobhair



Muintir na Crannóige leis an Easbog Pilib Ó Buaidhe ar lá an Chomhneartaithe sna Doirí Beaga




**Leabhrán eolais ar Ghaoth Dobhair**

Tá an 3ú cló curtha anois ag an Chomharchumann ar an leabhrán eolais seo. Rinneadh í le bheith ann in am do Chomórtas Peile na Gaeltachta. Tháinig an chéad eagrán amach in am do Oireachtas na Gaeilge i nGaoth Dobhair in 2002.

Tá an leabhrán seo úsáideach do chuairteoirí agus don phobal féin.

Tá cóipeanna le fáil saor in aisce ó oifig an Chomharchumann sa Chrannóg..

# Ag Coinneáil Ghaoth Dobhair Glan in 2012





Mar pháirt de fheachtas le feabhas a chur ar Ghaoth Dobhair, rinne roinnt de scéimeanna fostaíochta pobail an cheantar na cosáin coise agus taobh an bhealaigh mhóir a ghlanadh suas. Bhí gá mhór leis. Maith Sibh!

# Aifreann Cholmcille







Bíonn Aifreann in ómós do Cholmcille ar siúl sa Chrannóg ar a Lá Féile 9 Meitheamh achan bhliain anois. I mbliana bhí sé ann ar an Luan 11 Meitheamh ar 1.00 i.n. á cheiliúradh ag an Athair Pádraig Ó Baoghill sagart paróiste Ghaoth Dobhair. Bhí slua mór i láthair agus ba ócáid dheas urnaí agus chaidrimh a bhí ann don phobal.